STAIR NA HÉIREANN I 100 RÉAD, ROGHA DÍOBH

PLEAN CEACHTA RANG 5 AGUS 6

Taephota Imircigh, Deireadh an 19ú hAois go Lár an 20ú hAois

Is taephota é seo. Is taephota an-láidir é. Is taephota an-mharthanach é. Gabha stáin oilte a rinne de láimh é agus is taephota é seo a d'fhéadfadh buillí a sheasamh agus ar dócha ina leith gur buaileadh roinnt buillí air.

Is cinnte gur doirteadh cuid mhór tae amach as an taephota seo isteach i gcuid mhór cupán.

Agus an raibh a fhios agat gur againne atá an churiarracht dhomhanda i dtaca le hól tae de?

Tá tíortha níos mó ann ina bhfuil daonraí níos mó, ar ndóigh, agus d'fhéadfadh sé go n-ólann siad níos mó tae iontu ná mar a óltar in Éirinn ach ní bhaineann sé sin le hábhar. Baineann an churiarracht dhomhanda seo leis an méid tae a óltar in aghaidh gach duine den daonra agus ólann gach duine ar leith thart ar shé chupán tae nó ar sheacht gcupán tae sa lá agus ní mór a rá gur cuid mhór tae é sin. Óltar an oiread sin tae in aghaidh an duine nach bhfuil aon tír eile ar domhan gar don fhigiúr sin.

Is fíor a rá, dá bhrí sin, gur maith linn ár gcuid tae.

Is maith linn é chomh mór sin gur thug muid ár dtaephota linn, ar feadh na mblianta, nuair a chuaigh muid ar bord loinge chun dul ar thurais fhada chuig tíortha i bhfad i gcéin amhail Meiriceá.

Le fírinne, baineann scéal an taephota le taisteal. I dtosach báire, duine den Lucht Siúil a rinne é. Fear darbh ainm Mike Maughan as Gaillimh. Bhí meas mór ar Mike mar ghabha stáin agus ba ghnách leis taisteal ó áit go háit agus é ag déanamh agus ag deisiú nithe coitianta amhail taephotaí, sáspáin, lóchrainn, coinnleoirí agus pannaí bainne.

Phacáil cuid mhór daoine taephotaí den chineál seo nuair a bhí siad ag dul chuig tíortha eile mar nach raibh aon rogha eile ag daoine seachas imeacht ó Éirinn. D'imigh líon níos mó daoine ó Éirinn le linn an 11 bhliain tar éis an ghorta mhóir ná mar a rinne amhlaidh le linn an 250 bliain roimhe sin. Agus ba é a bhí sa chúis gur imigh siad ná go raibh siad stiúgtha leis an ocras.

Agus lean daoine de bheith ag imeacht nó ag dul ar imirce mar a tugadh air. Le blianta fada, lean siad de bheith ag dul ar imirce. Fiú amháin nuair a d'éirigh cúrsaí rud beag níos fearr, lean siad de bheith ag dul ar imirce. Ní raibh an t-ocras ag cur isteach chomh mór sin ar dhaoine a thuilleadh ach bhí siad thar a

bheith bocht fós agus lean siad de bheith ag imeacht mar nach raibh aon obair ná dóchas acu agus mar go raibh sé cloiste acu go mbeadh an saol níos fearr i dtíortha eile.

De réir na dtaifead atá ann, thaistil roinnt leanaí chomh hóg le 10 mbliana d'aois ina n-aonar chuig tíortha nua coimhthíocha. An féidir leat a shamhlú cé chomh scanraithe agus chomh huaigneach a mhothaigh na leanaí sin? Le fírinne, le níos mó ná 100 bliain, lean daoine de bheith ag imeacht ó Éirinn. Agus bhí tráth ann nuair a ceapadh dáiríre gur ghairid nach mbeadh aon Éireannaigh fágtha. Bheadh an chuid is mó díobh tar éis imeacht agus ní mhairfeadh an chuid eile!

Ar an dea-uair, níor tharla sé sin agus táimid go léir fós anseo!

Ach insíonn taephota Mike scéal. Is scéal é a bhaineann le hocras agus le bochtaine agus leis an ngá le gnáthrud coitianta nuair atá daoine i dtimpeallacht strainséartha nach bhfuil siad cleachtaithe léi.

Is fíor go n-imíonn daoine ó Éirinn fós agus is féidir leis an imeacht a bheith an-bhrónach dóibh siúd atá ag imeacht agus do na daoine atá ag fanacht in Éirinn. Sa lá atá inniu ann, is dócha nach bpacálann imircigh taephota don eitilt chuig tíortha eile. Ach tá seans maith ann, tar éis dóibh a gceann scríbe a bhaint amach, go lorgóidh siad sármhargadh nó caife chun an tae is fearr leo a cheannach. Nó d'fhéadfadh sé go gcuirfidh siad glaoch abhaile chun a iarraidh go gcuirfear an tae sin chucu a luaithe is féidir.

Tháinig muintir na hÉireann slán sa deireadh agus, ar bhealach áirithe amháin, níor tháinig athrú chomh mór sin orthu ach oiread.